EUROPEAN CENTRE FOR DISEASE PREVENTION AND CONTROL




# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2019

## Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

www.ecdc.europa.eu

**Is é atá san achoimre seo ná sampla de na príomhghníomhaíochtaí ón mbliain 2019. Dá bhrí sin, ní phléitear inti le raon iomlán éachtaí ECDC i rith na bliana úd. Is sa leagan iomlán den Tuarascáil Bhliantúil a fhaightear léargas mionsonraithe ar raon gníomhaíochtaí ECDC, ar a struchtúir eagrúcháin agus riaracháin agus ar a phlean oibre.**

https://ecdc.europa.eu/en/publications-data/annual-report-director-2019

Lua molta:

An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir – 2019: Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra. Stócólm: ECDC; 2020.

ISBN 978-92-9498-471-5 (PDF)

ISSN 2529-6191 (PDF)

doi 10.2900/68729 (PDF)

Uimhir chatalóige TQ-AX-20-001-GA-N (PDF)

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2020.

Gach pictiúr © ECDC, seachas iStock (leathanach 14, barr) agus (cc) Ceadúnas sannta Creative Commons neamhthráchtála (CC BY-NC 4.0) trí mheán na n-úsáideoirí Flickr.com seo a leanas: NIAID (leathanach 6); Pandiyan V (leathanach 8, barr); Luke Dennison (leathanach 8, bun); Oregon Department of Agriculture (leathanach 10, barr); Alexandra E. Rust (leathanach 10, bun); Anders Pearson (leathanach 16, barr); Nicolas Nova (leathanach 24/25).

Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.
Na grianghraif faoi chóipcheart a úsáidtear san fhoilseachán seo; ní féidir iad a úsáid le haghaidh cuspóirí taobh amuigh den fhoilseachán seo ach amháin le cead sainráite ó shealbhóir an chóipchirt.

# Éachtaí, dúshláin agus mór-aschuir 2019

Buaicphointí ó Thuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra

## Clár na nÁbhar


Brollach
Réamhrá
ECDC – Gníomhaireacht na hEorpa don tsláinte phoiblí
  Cur chuige Eorpach don fhaireachas ar ghalair
Cláir ECDC maidir le Galair: sonraí a bhaineann le hullmhacht, cosc agus freagairt
  An bhagairt ó fhrithsheasmhach in aghaidh ábhar frithmhiocróbach
  Nithe ardtosaíochta ar an gclár oibre sa bhliain 2019: Ebola, Zika agus Lyme
  Is gá freagairt Eorpach a bheith ann i leith ráigeanna bia-iompartha
  Galar atá ag méadú go seasta ó bhí an bhliain 2010 ann: sifilis
  Faigh vacsaíniú!
  An Eitinn, a leitheadúlacht agus í a chosc
  Éiríonn le vacsaíní
Níos mó sonraí a fháil níos gasta agus i leith níos mó galar
  Faireachas ar ghalair
  Faisnéis eipidéime
  Ullmhacht
  Freagairt
  Comhairle eolaíoch
  Micribhitheolaíocht
ECDC agus pobal sláinte poiblí na hEorpa
  Oiliúint sláinte poiblí
  Cumarsáid faoin tsláinte phoiblí
ECDC de réir na bhfigiúirí




Visit from
EU Commissioner for Health and
Food Safety
Vytenis Andriukaitis
15 March 2019



# Brollach le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Mór-éacht amháin de chuid an Bhoird Bainistíochta sa bhliain 2019 ab ea bailchríoch a chur ar an tríú measúnú seachtrach neamhspleách ar an Ionad. Léirigh an mheastóireacht atá déanta le cúig bliana anuas: de réir na tuarascála deiridh 'thacaigh ECDC go rathúil le réimsí tosaíochta de chuid bheartas an Aontais Eorpaigh agus le réimsí tosaíochta beartais náisiúnta agus léirigh sé cumas chun oiriúnú rathúil a dhéanamh i gcomhthéacs forbairtí beartais, rud a dhaingníonn ábharthacht a chuid gníomhaíochtaí'.

Ina theannta sin, phléigh an Bord Bainistíochta straitéis fhadtéarmach ECDC 2021-2023 atá le ceadú níos déanaí i mbliana.

Sa bhliain 2019, lean ECDC de thacaíocht eolaíoch agus oibríochtúil a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

24 mhearmheasúnú riosca a dhéanamh agus uasghrádú a dhéanamh ar a phróisis agus ar a chórais faireachais.

tacaíocht theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme Chinneadh Uimh. 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte; sa chomhthéacs sin, rinne ECDC an 'Córas Luathrabhaidh agus Freagartha' a nuashonrú freisin.

meitheal freagartha a chur go Mósaimbíc chun tacaíocht a thabhairt i leith na ráige calair; chuaigh meitheal eile go dtí Poblacht Dhaonlathach an Chongó mar fhreagairt i leith na ráige Ebola.

I láthair na huaire, tá aghaidh á tabhairt ag an domhan ar fad ar phaindéim nach raibh a leithéid ann riamh agus tá ról fíorthábhachtach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag ECDC maidir le sonraí iontaofa agus roghanna praiticiúla maolúcháin a sholáthar don lucht déanta cinntí i leith freagairt Eorpach ar COVID-19.

Le 15 bliana anuas, tá léargas faighte ar chumas méadaitheach ECDC chun caighdeáin chomhchuibhithe fhianaise-bhunaithe agus modhanna comhchuibhithe fianaise-bhunaithe a bhunú lena n-úsáid ar fud na hEorpa. Mar thoradh ar iarrachtaí leantacha an Lárionaid i ndáil le heipidéimeolaíocht, faireachas ar ghalair, galair theagmhálacha a chosc agus vacsaíniú a chur chun cinn, tá rannchuidiú mór déanta maidir le sláinte phoiblí na hEorpa. I láthair na huaire, tá aghaidh á tabhairt ar fud an domhain ar phaindéim nach raibh a leithéid ann riamh agus tá ról níos tábhachtaí fós ag ECDC maidir le sonraí iontaofa, measúnuithe cuimsitheacha riosca, roghanna i leith maolúcháin agus treoir phraiticiúil a sholáthar don lucht déanta cinntí ar mhaithe leis an bhfreagairt optamach Eorpach ar COVID-19.

An Dr. Anni-Riitta Virolainen-Julkunen
Cathaoirleach Bhord Bainistíochta ECDC
26 Feabhra 2020



# Réamhrá ón Stiúrthóir

Ba bhliain í 2019 inar tharla cuid mhór athruithe agus múnlóidh cuid mhór de na hathruithe sin ár gcuid oibre sna blianta atá romhainn:

Phléigh an Bord Bainistíochta straitéis fhadtéarmach nua (2021–2027)

Tríd is tríd, bhí toradh an tríú measúnú seachtrach ar an Lárionad i leith na tréimhse 2013 go 2017 an-dearfach i dtaca le hobair ECDC agus i dtaca lena bhreisluach do na Ballstáit.

Mar chuid den tionscnamh maidir leis an *gChéad Ghlúin Eile de ECDC*, cuireadh struchtúr eagrúcháin nua na heagraíochta i bhfeidhm i mí Eanáir 2020; áiritheoidh an struchtúr nua sin comhoibriú inmheánach éifeachtúil.

Cuireadh tús le hobair ar dhá chlár nua: *r-Shláinte agus Teicneolaíochtaí Digiteacha* agus *Réamhléargas*. Tá na chéad tacair shonraí maidir le r-shláinte bailithe ceana féin.

Lean ECDC de thacú leis na Ballstáit agus leis na hInstitiúidí Eorpacha i réimse na ngalar teagmhálach: thugamar freagra ar 34 iarraidh ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus d'fhoilsíomar níos mó ná 200 doiciméad eolaíochta ar láithreán gréasáin ECDC.

I measc na mórthionscadal a bhí ann sa bhliain 2019 áiríodh atheagrú chórais faireachais ECDC, seachfhoinsiú theicneolaíocht faisnéise an Lárionaid, athdhearadh an Chórais Luathrabhaidh agus Freagartha, agus feabhsú na rochtana ar sheicheamhú géanóim iomláin do na Ballstáit go léir.

Ó Mheán Fómhair 2018 go Feabhra 2020, ba é ECDC Cathaoirleach an Líonra Gníomhaireachtaí AE, rud a chuir deis shármhaith ar fáil chun tuilleadh infheictheachta a ghnóthú, chun gabháil do mhalartuithe straitéiseacha le gníomhaireachtaí eile agus chun cabhair a thabhairt maidir le hailíniú ár bpróiseas, agus chuaigh na nithe sin chun tairbhe, ar bhealach inbhraite, dár gcuid oibre ó lá go lá.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile ECDC as obair shármhaith a dhéanamh. Tá mé buíoch freisin den iliomad comhpháirtithe atá againn sna Ballstáit agus den Choimisiún Eorpach ar dreamanna iad a thacaíonn linn gan stad a mhéid a bhaineann lenár gcuid oibre.

An Dr. Andrea Ammon
Stiúrthóir ECDC
26 Feabhra 2020

*Barr: Foirgneamh ECDC in Solna, an tSualainn*
*Bun: Vytenis Andriukaitis, Coimisinéir Sláinte agus Bia, agus Stiúrthóir ECDC, Andrea Ammon, i mbun aithisc os comhair fhoireann ECDC ar an 15 Márta 2019*


EU
Agencies
Network






CGTN
BREAKING NEWS
BREXIT COUNTDOWN
EbS+ TRANSMISSIONS
04/03/2019

# ECDC – Gníomhaireacht na hEorpa don tsláinte phoiblí

Rinneadh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), atá lonnaithe i Stócólm sa tSualainn, a bhunú sa bhliain 2005 agus is cuid de líonra gníomhaireachtaí AE é a chuireann tascanna teicniúla agus tascanna eolaíocha i gcrích, ar tascanna iad a chabhraíonn le hinstitiúidí AE cinntí a dhéanamh agus beartais a chur chun feidhme. Is comhlachtaí díláraithe iad na gníomhaireachtaí AE agus faightear i mbeagnach gach aon Bhallstát AE iad.

Clúdaíonn raon feidhme shainordú ECDC an faireachas ar ghalair i leith beagnach 60 galar tógálach, idir SEIF/VEID agus ghalair zónóiseacha neamhchoitianta. Ina theannta sin, déanaimid vacsaínithe a chur chun cinn, sainaithnímid iompraíochtaí atá ábhartha maidir le cúrsaí sláinte, cinntímid caighdeán na saotharlann ar fud na hEorpa, cuirimid eipidéimeolaithe sa tsláinte phoiblí ar fud na hEorpa faoi oiliúint, agus cuirimid gach gné de ghalair thógálacha in iúl do na dreamanna ar spéis leo ár gcuid oibre.

Ag deireadh na bliana 2019, bhí 268 mball foirne reachtúla ag ECDC, agus iad ag gabháil do na cúraimí seo a leanas: faireachas ar ghalair, ráigeanna a bhrath, comhairle eolaíoch a thabhairt, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid, agus riarachán.

### Cur chuige Eorpach maidir le faireachas ar ghalair

Oibríonn agus cothabhálann ECDC trí mhórchóras chun faireachán a dhéanamh ar ghalair thógálacha ar fud na hEorpa. Tá gach córas ar leith dírithe ar réimse amháin den rialú galar: EWRS (bagairtí a bhrath, foláirimh maidir le bagairtí), EPIS (faisnéis eipidéime), agus TESSy (faireachas agus staidreamh ar ghalair).

Maidir leis an gCóras Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS), is córas rúnda é a athdhearadh go hiomlán sa tréimhse 2018–2019 agus trínar féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach faisnéis a chomhroinnt maidir le teagmhais sláinte a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Aontas Eorpach agus comhordú a dhéanamh ar na bearta freagartha chun an tsláinte phoiblí a chosaint.

Is ionann an Córas Faisnéise Eipidéime (EPIS) agus ardán slán gréasánbhunaithe cumarsáide trína ligtear d'eolaithe agus do shaineolaithe sláinte poiblí faisnéis eipidéimeolaíochta a mhalartú.

Is ionann an Córas Eorpach Faireachais (TESSy) agus córas mórscála bunachair sonraí i leith sonrai maidir le galair. Déanann tíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) a sonraí náisiúnta maidir le galair thógálacha a thuairisciú go tráthrialta do TESSy. Ar bhonn na sonraí sin, is féidir le cuairteoirí ar Atlas Faireachais ar líne ECDC ar Ghalair Thógálacha tuairiscí faireachais atá cothrom le dáta agus léarscáileanna idirghníomhacha a ghiniúint.

De bhreis air sin, tacaíonn ECDC le hobair an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát laistigh de Choiste Slándála Sláinte an Aontais Eorpaigh, ar coiste é a fheidhmíonn mar ghrúpa comhairleach maidir leis an tslándáil sláinte ar an leibhéal Eorpach.

*Barr ar chlé: Tá ról fíorthábhachtach ag Gníomhaireachtaí AE i ndáil le sláinte agus folláine saoránach a áirithiú. D'fheidhmigh ECDC mar chathaoirleach an Líonra Gníomhaireachtaí AE i rith na bliana 2019.*
*Barr ar dheis: Tagann grúpa oibre de chuid ECDC le chéile i gceann de na seomraí comhdhála nua*
*Bun: Feidhmíonn foireann faisnéise eipidéime mar óstach don chomhchruinniú laethúil*



*Neodraifileach daonna ag idirghníomhú le* Klebsiella pneumoniae *(bándearg), ar baictéar frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí é is cúis le hionfhabhtuithe tromchúiseacha ospidéil*

# Cláir ECDC maidir le Galair: sonraí i ndáil le hullmhacht, cosc agus greagairtí

Agus sonraí faighte acu maidir le beagnach 60 galar agus ábhar sláinte ó gach Ballstát AE, is féidir le heolaithe ECDC léargas mionsonraithe a thabhairt ar an staid reatha (agus stairiúil) eipidéimeolaíochta san Eoraip. Déanann an Lárionad faireachán ar threochtaí ó thaobh na ngalar de, agus molann sé bearta chun cosc a chur ar ghalair agus ar ráigeanna. Grúpáiltear saothar ECDC maidir le galair ina 'gCláir maidir le Galar'.

## An bhagairt ó fhrithsheasmhach in aghaidh ábhar frithmhiocróbach

**Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Ionfhabhtuithe atá Bainteach le Cúram Sláinte (Clár ARHAI)**
Sa bhliain 2019, d'ullmhaigh ECDC roinnt mearmheasúnuithe riosca inar déileáladh le ráigeanna Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí - is é sin le rá, grúpa líne deiridh ábhar frithmhiocróbach atá doiciméadaithe mar bhagairt trasteorann don tsláinte (nó ar bagairt ionchasach trasteorann don tsláinte, ar a laghad, iad). I gcás roinnt ráigeanna díobh sin, bhí anailís seicheamhaithe géanóim iomláin (WGS) ar na haonraígh thar a bheith tábhachtach i dtaca le nasc géanómaíoch a bhunú idir cásanna ar leithligh.

Sa bhliain 2019, lainseáil ECDC an Líonra Eorpach Faireachais um Ghéinte atá Frithsheasmhach in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach, nó EURGen-Net go gairid, ar líonra é i leith faireachas WGS-bhunaithe ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí agus a bhfuil tábhacht leo maidir le sláinte phoiblí. Cuimsíonn an Líonra na saotharlanna tagartha náisiúnta (nó a gcoibhéisí) i 37 dtír Eorpacha (na Ballstáit AE go léir, an Íoslainn, an Iorua, chomh maith leis na tíortha seo a leanas: an Bhosnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia, an Tuirc agus an Ríocht Aontaithe). Is iad cuspóirí an Líonra dáileadh geografach agus dinimicí na gclón baictéarach atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí agus na n-eilimintí frithsheasmhachta in-tarchurtha a chinneadh ar mhaithe le faisnéis a chur ar fáil i leith beartais a bhaineann le measúnú riosca, le cosc agus le rialú agus ar mhaithe le tacú le tíortha a mhéid a bhaineann le neartú a n-acmhainneachtaí teicniúla i leith faireachas WGS-bhunaithe a dhéanamh ar bhaictéir atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí agus lena ngabhann ionchas eipidéime.

Thacaigh ECDC le comhdháil AMR i mBúcairist ar an 1 Márta 2019 i rith uachtaránacht AE na Rómáine. Thionóil ECDC cleachtadh ionsamhlúcháin chun scrúdú a dhéanamh ar fhreagairt chomhordaithe na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh ar theacht chun cinn cineáil nua baictéir a bhfuil sé deacair é a chóireáil agus atá frithsheasmhach go mór in aghaidh drugaí i suíomh cúraim sláinte. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ECDC, i gcomhar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), nóta eolais maidir le 'Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach - ag dul i ngleic leis an ualach san Aontas Eorpach'. Ar an 18 Samhain, rinne ECDC, i gcomhar le Seachtain an WHO maidir le Feasacht ar Antaibheathaigh sa Domhan (18–24 Samhain 2019), an 12ú Lá Feasachta Eorpach maidir le hAntaibheathaigh, ar lena linn a leagadh béim arís ar an tábhacht a bhaineann le húsáid stuama antaibheathach.

** Tá an t-ainmniúchán seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244, agus le Tuairim CBI maidir le Forógra Saoirse na Cosaive.*




5Y-DEA

# Nithe ardtosaíochta ar an gclár oibre sa bhliain 2019: Ebola, Zika agus Lyme

**Galair atá ag teacht chun cinn agus Galair Veicteoir-Iompartha (Clár EVD)** Rinne ECDC dlúthfhaireachán ar an deichiú ráig de ghalar víreas Ebola i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (DRC). Ba é ráig na bliana 2018 an ráig ba mhó riamh de ghalar Ebola i stair na tíre agus ba é an dara ráig ba mhó é a taifeadadh riamh ar fud an domhain. Nuair a géaraíodh go suntasach ar luas na ráige, d'eisigh ECDC – thar thréimhse roinnt seachtainí – cúig nuashonrú ar a mhearmheasúnú riosca. Ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh, rinne ECDC roinnt saineolaithe a imscaradh go dtí DRC chun tacú leis an Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus um Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla Eorpacha.

Rinne ECDC faireachán ar an gcéad tarchur dúchasach a braitheadh san Eoraip a mhéid a bhaineann le víreas Zika, rud a tharla sa Fhrainc i mí Lúnasa 2019, agus seoladh mearmheasúnú riosca ina leith sin. Go hámharach, léirigh imscrúduithe a rinne údaráis na Fraince nach raibh an víreas tar éis leathadh tuilleadh. Ina theannta sin, rinne ECDC mearmheasúnuithe riosca i ndáil le ráig de Heipitíteas Eansótach in Mayotte (ar críoch thar lear de chuid na Fraince í) agus i ndáil le cásanna dúchasacha den fhiabhras deinge sa Spáinn agus sa Fhrainc.

Rinne an Lárionad anailísiú ar shonraí faireachais na bliana 2018 maidir le néarabhorralóis Lyme. Rinne painéal saineolaithe seachtracha measúnú ar na riachtanais i ndáil le rún de chuid na bliana 2018 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le galar Lyme a chur chun feidhme agus chuir sé ionchur ar fáil i dtaobh conas tacú le faireachas agus tuairisciú ar ghalar Lyme sna Ballstáit. Mar chuid de thionscadal gaolmhar de chuid ECDC maidir le faireachas agus tuairisciú ar ghalar Lyme sna Ballstáit, baineann an Lárionad úsáid as suirbhéanna agus as comhairliúcháin aonair sna Ballstáit, ar suirbhéanna agus comhairliúcháin iad a sheolann sainchomhairleoirí seachtracha. Sainaithneoidh na sainchomhairleoirí cad iad na bearta nach mór iad a dhéanamh chun an rún ó Pharlaimint na hEorpa a chur chun feidhme agus soláthróidh siad sonraí eolaíochta cothrom le dáta don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do na Ballstáit. Táthar ag súil le tuarascálacha ar fheidhmíocht i leith an tionscadail sin a fháil faoi dheireadh na bliana 2020.


Déanann ECDC léarscáileanna Eorpacha dáileacháin veicteoirí a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin go tráthrialta i ndáil le muiscítí, sceartáin agus míoltóga gainimh. Ina theannta sin, lean an Lárionad d'fhaireachán a dhéanamh ar leathadh víreas na Níle Thiar agus rinne sé mínscagadh ar uirlis mhúnlúcháin chun cabhrú le tíortha gníomhaíocht víreas na Níle Thiar a réamh-mheas agus chun comparáid a dhéanamh idir straitéisí éagsúla maidir le rialú veicteoirí.

Sheol ECDC measúnuithe cáilíochta seachtracha i leith ortaivíris bholgaí, rud a rinneadh trí EVD-LabNet ar líonra saotharlann é, agus rinneadh na measúnuithe sin chun cumas saotharlann a mheasúnú i ndáil leis na víris sin a bhrath agus a shainaithint i gceart.

I mí Dheireadh Fómhair, sheol an Lárionad a chruinniú bliantúil oibre leis na pointí fócasacha náisiúnta i leith galair a bhí ag teacht chun cinn agus i leith galair veicteoir-iompartha.

*Barr ar chlé: ECDC ag gabháil d'fhaireachán ar phobail mhuiscítí Eorpacha*
*Bun: Eitleán arna urrú ag DG ECHO, an Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus um Oibríochtaí Cabhrach Daonnúla Eorpacha*






*Barr: Saoráid phróiseála bia*
*Bun: Mistéirí baictéareolaíochta táirgí éanlaithe a fhuascailt Is é atá sna ballóga beaga dubha ná coilíneachtaí* coilíneachtaí *Salmonella*

# Is gá freagairt Eorpach a bheith ann i leith ráigeanna bia-iompartha

**Galair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus Zónóisí (Clár FWD).** Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh ECDC agus EFSA dhá mhórthuarascáil i gcomhar lena chéile: *Tuarascáil EU One Health 2018 maidir lé zónóis* agus an *Tuarascáil Bhliantúil ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i mbaictéir zónóiseacha agus i mbaictéir tháscacha ó dhaoine, ó ainmhithe agus ó bhia*. Léirigh anailís ar na sonraí a bailíodh líon cobhsaí cásanna daingnithe campalabaictéaróise agus salmonallóise i ndaoine san AE idir na blianta 2014 agus 2018.

Ba iad ionfhabhtuithe *Escherichia coli* (STEC) Shiga a tháirgeann tocsainí  i measc daoine an tríú zónóis ba choitianta a tuairiscíodh san Aontas Eorpach; ina theannta sin, bhí méadú ag teacht ar an líon cásanna STEC ó 2014 go dtí 2018. De réir na tuarascála ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (sonraí 2017), léiríonn baictéir *Champalabaictéir* leibhéal frithsheasmhachta chomh hard sin in aghaidh fluaracuineolón (amhail cioprófloсsaicin) i roinnt tíortha nach bhfuil na frithmhiocróbaigh sin éifeachtach a thuilleadh i ndáil le cóireáil le haghaidh campalabaictéaróis throm.

Is é atá i bhfiosruithe práinneacha (UI) ná iarrataí a dhéanann tíortha rannpháirteacha nó ECDC chun measúnú a dhéanamh ar an ngné iltíre de theagmhais a tharlaíonn ar an leibhéal náisiúnta. Déantar iad a lainseáil agus a chomhordú trí ardán EPIS-FWD. Sa bhliain 2019, thionscain 23 thír rannpháirteacha 88 bhfiosrú phráinneacha agus lainseáil ECDC ceann amháin. Bhí na UIanna bainteach le salmonallóis (39 bhfiosrú), listéaróis (20), ionfhabhtú *Escherichia coli* a tháirgeann véaraicíteatocsain (VTEC) (11), agus heipitíteas A (8). Ar an meán, gheobhadh aon UI amháin freagraí ó aon tír déag; thug 31 tír freagra ar aon UI amháin ar a laghad.

Neartaíodh an comhar le EFSA trí theilea-chomhdhálacha seachtainiúla a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar éabhlóid teagmhas bia-iompartha iltíre agus chun ullmhú measúnuithe ar an riosca don tsláinte phoiblí a phleanáil. Déanann ECDC agus EFSA mearmheasúnuithe ar ráigeanna a fhoilsiú i gcomhar lena chéile. Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh ECDC trí mhearmheasúnú chomhpháirteacha ar ráigeanna i gcomhar le EFSA: bhain dhá cheann acu le ráigeanna listéaróise iltíre agus bhain ceann amháin le *Salmonella* Agona a raibh nasc ann idir é agus bainne foirmle do naíonáin. Cuireadh na ráigeanna listéaróise i mbaint le táirgí éisc fuardheataithe agus le táirgí feola slisnithe réidh le hithe. Déantar cumarsáid níos tráthúla le bainisteoirí riosca a áirithiú trí achoimrí comhpháirteacha ECDC–EFSA i leith fógraí, ar achoimrí iad a chuirtear ar fáil do na pointí teagmhála ábhartha go léir.




*Clár fógraí in Leer, an Ghearmáin: 'Gabhal tochasach? Faigh tástáil i leith ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha'. Is é do shaol suirí é. Cosain é.*




# Galar atá ag méadú go seasta ó bhí an bhliain 2010 ann: sifilis

**VEID, Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha agus Heipitíteas Víreasach (Clár HASH).** D'iarr Coiste Comhordaithe Líonra Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha ECDC ar an Lárionad measúnú a dhéanamh ar na treochtaí eipidéimeolaíochta i leith sifilise agus roghanna a mholadh i dtaobh conas freagairt ar staid na sifilise san Eoraip. D'fhéadfadh tuarascáil atá bunaithe ar athbhreithniú ar litríocht agus athbhreithniú córasach a foilsíodh sa bhliain 2019 a thaispeáint go bhfuil méadú ag teacht ar rátaí fógartha san Eoraip ó bhí an bhliain 2010 ann, go bhfuil na fógairtí ag tarlú níos minice le blianta beaga anuas, agus gur i measc fir a mbíonn caidreamh collaí acu le fir is mó a tharlaíonn na fógairtí. Mar chuid den tuarascáil, moladh roinnt gníomhartha chun an eipidéim shifilise a mhaolú.

D'fhoilsigh an Lárionad prótacal caighdeánaithe suirbhé maidir le meastacháin náisiúnta ar leitheadúlacht heipitíteas C. Tá tionscadal ceithre bliana ann a chabhróidh le Ballstáit suirbhéanna náisiúnta maidir le leitheadúlacht a sheoladh agus tá céim a haon den suirbhé sin ar siúl anois. Nuair a chríochnófar é, cabhróidh sé le tíortha measúnú a dhéanamh ar fhíorualach an ghalair i measc a gcuid daonraí.

D'oibrigh ECDC go dlúth i gcomhar le UNAIDS chun sraith prionsabal Eorpach a ullmhú i leith próifiolacsas réamhnochta VEID (PrEP), ar prionsabail iad atá dírithe ar soláthar seirbhísí PrEP agus ar fhaireachán a dhéanamh ar chláir náisiúnta. Is é atá sa chuspóir atá ann ná tacú leis na Ballstáit le linn próifiolacsas réamhnochta VEID (PrEP) a chur chun feidhme, agus le linn faireachán a dhéanamh air, agus uirlis chaighdeánaithe faireacháin a sholáthar le haghaidh PrEP san Aontas Eorpach (AE)/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).

I gcomhar leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, chuir ECDC tús leis an gcéim bhailithe fianaise i leith treorach maidir le cosc a chur ar ghalair thógálacha i measc daoine a insteallann drugaí iontu féin. Déanfar bailiú sonraí a chríochnú sa bhliain 2020. Tá doiciméad treorach nuashonraithe le bheith réidh sa bhliain 2021.


#ProudToBeAVaxxer
#ProudToBeAVaxxer

# Faigh vacsaíniú!

**Fliú agus Víris Riospráide eile (Clár IRV).** Bíonn an fliú séasúrach ina chúis le hualach measartha mór ar sheirbhísí cúraim sláinte san Eoraip gach geimhreadh agus leanann na deicheanna míle básanna as an bhfliú séasúrach i measc daoine scothaosta. Ina theannta sin, tá an fliú zónóiseach agus víris riospráide eile ina mbagairt don tsláinte phoiblí ar bhealaí nua agus ar bhealaí gan choinne. Tá faireachas láidir víreolaíoch agus eipidéimeolaíoch ag teastáil chun cláir um vacsaíniú in aghaidh fliú séasúrach a threorú.

I measc na samplaí de viris fliú zónóisigh is ábhar imní, áirítear fliú éanúil A(H5N1) (ó bhí blianta na 1990idí ann), fliú éanúil H5N8, H7N9, H7N7 agus H10N8, agus fliú mucúil A(H1N1). Sampla de vireas riospráide de chineál neamhriospráide, ar víreas é is cúis le hábhar imní, is ea coróinvíreas siondróim riospráide an Mheánoirthir (MERS-CoV).

I mí an Mhárta, d'eagraigh ECDC trí cheardlann ullmhachta paindéime maidir leis an bhfliú i gcomhar le gach tír AE/LEE chun athbhreithniú a dhéanamh ar a dtreoir maidir le hullmhacht agus chun taithí a mhalartú maidir le pleanáil i leith ullmhachta.

Lean ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS san Eoraip dá bhfaireachas comhpháirteach ar an bhfliú: i rith shéasúr an fhliú, déantar feasachán seachtainiúil fliú don Eoraip a fhoilsiú ar www.flunewseurope.org. I measc réimsí eile oibre comhpháirtí, airíodh meastachán ar ualach an ghalair i ndáil leis an bhfliú, measúnú ar dhéine paindéime fliú, agus rannchuidiú leis an bpróiseas domhanda roghnaithe cineálacha le haghaidh vacsaíní fliú. I mí na Nollag sheol ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS san Eoraip an chéad mheasúnú comhpháirteach réigiúnach staide i leith fliú séasúrach i ndáil le gach ceann de na 53 thír i Réigiún na hEorpa. Ba é ba chuspóir don mheasúnú sin ná luathmheasúnú a sholáthar chun cabhrú le Ballstáit a gcórais sláinte a ullmhú i gcomhair an tséasúir fliú a bhí a bheadh ann ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, lean ECDC de bheith ag maoiniú líonra seachtrach I-MOVE trína soláthraítear meastacháin ar éifeachtacht vacsaíní in aghaidh fliú séasúrach agus ar líonra é a ullmhaíonn sonraí luachmhara i leith chomhdhéanamh an chéad vacsaín eile in aghaidh fliú séasúrach.

*Níl foireann ECDC ag dul sa seans i rith shéasúr an fhliú. Tá siad ag fáil #FluShot mar thoradh ar #VaccinesWork. Ar ndóigh, tá gach duine thar a bheith #proudtobeavaxxer.*

Trí bhíthin a fheidhme faisnéise eipidéime, déanann ECDC faireachán fíorama ar víris fliú zónóisigh agus ar víris riospráide eile atá ag teacht chun cinn. Dála na mblianta roimhe seo, d'fhoilsigh ECDC agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuarascálacha ráithiúla measúnaithe maidir leis an staid i ndáil le fliú éanúil.

Lean ECDC de chomhordú a dhéanamh ar an Líonra Eorpach Faireachais um an bhFliú (EISN) agus ar an Líonra Eorpach Saotharlann Tagartha um Fhliú an Duine (ERLI-Net). D'ullmhaigh ECDC an measúnú seachtrach débhliantúil ar cháilíocht i leith tástáil saotharlainne víreas fliú; cuirfear bailchríoch air sin sa bhliain 2020.

Sa bhliain 2019, reáchtáil an Lárionad cúrsaí píolótacha ríomhfhoghlama i ndáil le bithanailísíocht fliú. Léiríonn na cúrsaí conas sonraí seicheamhaithe a úsáid agus a anailísiú.

Roimhe sin, i mí an Mheithimh, d'eagraigh ECDC cruinniú de na pointí fócasacha náisiúnta cumarsáide i Lucsamburg agus ghlac an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia agus Oifig Réigiúnach EDS san Eoraip páirt sa chruinniú sin. I rith an chruinnithe, thug na Ballstáit aiseolas faoin tairseach vacsaínithe.


STOP TB!
OPEN THE
WINDOW

# An Eitinn, a leitheadúlacht agus í a chosc

**An Eitinn (Clár na hEitinne).** Maidir le Ballstáit AE/LEE, tíortha réamhaontachais AE agus tíortha atá clúdáithe le Beartas Comharsanachta ba hEorpa, tá próifílí éagsúla eipidéimeolaíochta acu maidir leis an eitinn (TB): tá meánualach TB (atá frithsheasmhach in aghaidh drugaí) ann i gcúig thír de chuid oirthear agus oirdheisceart na hEorpa agus is i dtíortha iarthar na hEorpa, go formhór, atá an t-ualach is lú ualach agus is tíortha iad sin ina bhfuil an fhéidearthacht go mbeifear in ann dul i dtreo deireadh a chur le TB. I suíomhanna ísealualaigh, is minic a bhíonn na daoine atá i mbaol lonnaithe i measc daonraí leochaileacha nach furasta dul chucu. Ina theannta sin, cuireann TB i measc imirceach leis an eipidéimeolaíocht. I dtíortha meánualaigh, is minice a bhíonn TB ann sa daonra i gcoitinne.

Cuireadh bailchríoch ar thionscadal trí bliana maidir le staidéir ar fhardail TB. Ba é ba chuspóir don tionscadal ná measúnú a dhéanamh ar iomláine na bhfógraí TB i sé Bhallstát (an Chróit, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an tSlóivéin). Léirigh an tionscadal go bhfuil an iomláine sna tíortha sin sa raon idir 74% agus 100%, agus is  ionann sin agus a rá go bhfuil cumasc sonraí ó fhoinsí éagsúla (e.g. córais faireachais, ospidéil, saotharlanna agus bunachair shonraí árachais) ina chur chuige inmharthana chun teacht ar léargas níos cruinne ar fhíorualach an TB sna tíortha sin.

Ar Lá Domhanda TB (24 Márta), rinne ECDC agus Oifig Réigiúnach EDS san Eoraip an *Tuarascáil bhliantúil chomhpháirteach maidir le faireachas agus faireachán ar eitinn san Eoraip* (sonraí 2017) a chur i láthair. Léirigh an tuarascáil go bhfuil an laghdú ar fhógraí TB ag leanúint ar aghaidh ach go bhfuil líon na bhfógraí sin fós ag leibhéal nach leor chun na spriocanna atá leagtha síos i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

*Ar chlé: Éifeachtach in aghaidh cuid mhór galar tógálach: oscail an fhuinneog agus déan aeráil!*

Tar éis tionscadal rathúil trí bliana a bhí dírithe ar na cúig thír ardtosaíochta san Eoraip ó thaobh TB de a chur i gcrích, rinneadh iarrachtaí chun tacaíocht den chineál céanna a shíneadh chuig na Ballstáit go léir. Cuimseoidh an tionscadal ceardlanna comhpháirteacha, gníomhaíochtaí oiliúna, cuairteanna malartúcháin, agus tacaíocht sainchomhairleoireachta do thíortha ar leithligh. Tá socrú déanta cheana féin i ndáil leis an gcéad ghníomhaíocht a chur i gcrích: is é sin le rá, déanfar ceardlann maidir le scagthástáil imirceach i leith eitinne a sheoladh sa Aithin, an Ghréig, i mí Feabhra 2020, agus beidh 11 tír (an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn) páirteach inti.

Rinneadh cruinniú faireachais chomhpháirtigh le EDS a sheoladh sa Hág i mí Bhealtaine. I measc na n-ábhar a pléadh áiríodh feabhas a chur ar fhaireachas TB, ar chosc TB agus ar rialú TB. Tar éis an chruinnithe sin, reáchtáladh cruinniú Cheardlann Wolfheze agus ba iad EDS, KNCV na hÍsiltíre, Fondúireacht na hEitinne agus ECDC a d'eagraigh an cruinniú sin i gcomhpháirt lena chéile. Bhí an cruinniú dírithe ar ghealltanais chruinniú ardleibhéil na Náisiúin Aontaithe maidir le heitinn a thiontú ina ngníomhartha.

I mí an Mheithimh, i gcomhar le EDS, eagraíodh cuairt iltíre chun na hÍsiltíre chun comhairle a thabhairt maidir le méid na scagthástála i leith eitinn folaigh i measc imirceach agus maidir le tús áite a thabhairt don scagthástáil sin. I rith na cuairte, bhí na saineolaithe in ann comhairle a thabhairt freisin i dtaobh conas eolas agus oilteacht i ndáil leis an eitinn a choinneáil: conas is féidir le gairmithe sláinte a gcuid scileanna a choinneáil nuair nach ndéileálann siad ach le líon an-íseal cásanna ina dtír féin?




*D'úsáid ECDC a chuntas Twitter, @ECDC_Flu chun físeáin, grafaic faisnéise agus fótaghreannáin a bhí dírithe ar oibrithe cúraim sláinte a chur chun cinn. Tá na comhaid fhoinseacha a bhaineann leis na fótaghreannáin le fáil i bhformáid inoiriúnaithe agus is féidir iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin ECDC.*

# Éiríonn le vacsaíní

**Galair atá Inchoiscthe trí Vacsaíniú (Clár VPD).** A mhéid a bhaineann le réimse na sláinte poiblí, tá ag éirí thar barr le cur chun feidhme clár éifeachtach náisiúnta vacsaínithe ar fud na hEorpa. Chun sláinte shaoránaigh na hEorpa a choimirciú, is gá leanúint ar aghaidh le cláir vacsaínithe agus is gá na cláir sin a leathnú. Tacaíonn ECDC leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit le linn dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uile-AE maidir le galair atá inchoiscthe trí vacsaíniú agus maidir le vacsaíniú.

Bhunaigh ECDC líonra comhoibriúcháin chun tacú leis na grúpaí náisiúnta comhairleacha teicniúla (NITAG) a oibríonn sna Ballstáit i réimse an imdhíonta. Is é atá in NITAGanna ná coistí neamhspleácha a dhéanann measúnú ar fhianaise eolaíochta maidir le vacsaíní agus imdhíonadh agus a sholáthraíonn moltaí do na boird náisiúnta vacsaínithe. Is é atá sa chuspóir ná éifeachtúlacht agus éifeachtacht an mheasúnaithe ar fhianaise eolaíochta a neartú agus a fheabhsú. Bunaíodh an líonra sa bhliain 2018 agus sheol sé a chéad chruinniú sa bhliain 2019 chun a théarmaí tagartha a chomhaontú; seoladh sraith seimineár gréasáin freisin. Tá grúpa oibre tar éis scrúdú a dhéanamh cheana féin ar an bhfianaise eolaíochta atá taobh thiar de straitéisí maidir  le vacsaíní agus vacsaíniú agus aird á tabhairt, i dtosach báire, ar vacsaíní fliú i gcomhthéacs leanaí agus daoine scothaosta.

Thosaigh an Lárionad ag bailiú fianaise chun tacú le treoirlínte le haghaidh croísceideal vacsaínithe AE, agus moltaí EDS maidir le gnáth-imdhíonadh á gcur san áireamh. Aidhm amháin is ea feabhas a chur ar chomhoiriúnacht sceideal náisiúnta agus cothroime a chur chun cinn i dtaca le cosaint sláinte do na saoránaigh go léir. Cuirfear bailchríoch ar thogra sa bhliain 2020.

Rinneadh béitileagan de thairseach vacsaínithe nua Eorpach ECDC a sholáthar do na Ballstáit i mí na Nollag ar mhaithe le comhairliúchán agus tástáil. Tá an lainseáil oifigiúil phoiblí le bheith ann i mí Aibreáin 2010. Trid an tairseach vacsaínithe soláthraítear faisnéis oibiachtúil, thrédhearcach agus cothrom le dáta maidir le vacsaíní, maidir le tairbhí vacsaíní, maidir le sábháilteacht agus maidir leis an bpróiseas faireachais cógas.

Ina theannta sin, chuir ECDC tús le tionscadal chun feabhas a chur ar bhailiú agus ar bhainistiú sonraí a bhaineann le clúdach vacsaínithe san Eoraip.

De bhreis air sin, thug ECDC cabhair don Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia maidir le heagrú an chruinnithe mullaigh i leith vacsaíniú domhanda a seoladh sa Bhruiséil ar an 12 Meán Fómhair 2019 faoi choimirce Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Jean-Claude Juncker, agus Ard-Stiúrthóir EDS, Tedros Adhanom Ghebreyesus. Bhí ECDC páirteach in obair choiste cláir oibre an chruinnithe mullaigh agus ghlac Stiúrthóir ECDC, an Dr. Andrea Ammon, páirt i bpléphainéal i ndáil le drogall roimh an vacsaíniú.

Lean ECDC dá chomhoibriú leis an nGníomhaíocht Chomhpháirteach maidir le Vacsaíniú, ar gníomhaíocht í a ndéanann CHAFEA (an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia) agus 17 mBallstát AE í a chómhaoiniú. Is é atá i bpríomhsprioc na Gníomhaíochta Comhpháirtí ná méadú a dhéanamh ar chlúdach an vacsaínithe san Aontas Eorpach trí shásraí a bhunú i gcomhair comhoibriú uile-AE.

Bhí níos mó ná 34 000 úsáideoir ag ag an Sceidealóir Vacsaínithe AE sa bhliain 2019 (26 500 sa bhliain 2018), mar aon le níos mó ná 180 000 cuairt ar leathanaigh an Sceidealóir (160 000 sa bhliain 2018), agus ba é an Sceidealóir sin i measc na ngnéithe ba mhó éilimh ar thairseach gréasáin ECDC sa bhliain 2019.




*Is gnó domhanda é an faireachas ar ghalair: cuairteoirí ó CDC na hAfraice agus iad ag plé saincheisteanna sláinte poiblí i Lárionad Oibríochtaí Éigeandál*

# Níos mó sonraí a fháil níos gasta agus i leith níos mó galar

## Faireachas ar ghalair

Den chéad uair ó bunaíodh é, d'éirigh le ECDC 75% de na sonraí faireachais a bailíodh maidir le galair agus paitiginí atá intuairiscithe san Aontas Eorpach a fhoilsiú laistigh de thrí mhí ón tráth ar scoireadh de na sonraí a bhailiú. Déantar sonraí a fhoilsiú agus a léirshamhlú ar líne san *Atlas Faireachais maidir le Galair Thógálacha*.. Ar an dóigh sin, áirithítear go dtagann sonraí faireachais ECDC chun bheith ar fáil ar bhealach níos gasta ionas gur féidir le saineolaithe agus cinnteoirí ar an leibhéal AE agus sna Ballstáit iad a úsáid ag céim níos luaithe ná mar a bhí i gceist roimhe seo. Dála an scéil, trí 75% de na sonraí go léir a fhoilsiú laistigh de thrí mhí tá ceann de tháscairí feidhmíochta inmheánacha ECDC á chomhlíonadh freisin.

Clúdaíonn an *tAtlas Faireachais* 58 n-ítim, idir ghalair agus shaincheisteanna sláinte agus, chomh maith leis sin, clúdaíonn sé táscairí a bhaineann le cáilíocht sonraí. Sa bhliain 2019, fuair os cionn 25 000 úsáideoir rochtain air agus ba é a bhí sa líon cuairteanna ar leathanaigh an Atlais ná beagnach 90 000 cuairt. Ag brath ar an ngalar atá i gceist, tá tacair shonraí ar fáil i bhformáid sheachtainiúil, i bhformáid mhíosúil nó i bhformáid bhliantúil.

## Faisnéis eipidéime

Sa bhliain 2019, bhraith ECDC 306 theagmhas (2018: 377) a chomhlíon na critéir i leith bagairt sláinte poiblí mar a shainmhínítear i gcritéir Chóras Luathrabhaidh agus Freagartha (EWRS) an AE. Mar thoradh ar ocht gcinn is caoga de na bagairtí a braitheadh cuireadh tús le faireachán ar bhagairt nua (2018: 71). I dtaca leis na teagmhais go léir, thosaigh 192 cheann (62%) díobh san Aontas Eorpach (2018: 62%). Rinneadh aon cheann is ochtó de theachtaireachtaí EWRS agus 153 tuairim a phostáil (2018: 104 theachtaireacht EWRS, 139 tuairim). Rinneadh seacht gcinn de na teachtaireachtaí EWRS a aicmiú mar 'fógraí foláirimh', agus aicmíodh 74 cinn díobh mar 'faisnéis eile'; mar thoradh ar 11 cheann díobh cuireadh tús le measúnú nua bagartha san Uirlis Rianaithe Bagairtí (TTT).

## Ullmhacht

Is iad forbairt acmhainneachta agus ullmhacht leantach agus pleanáil freagartha, lena n-áirítear bearnaí reatha maidir le hacmhainneacht i leith ullmhachta, na heilimintí criticiúla i ndáil leis an bhfreagairt Eorpach ar mhóreipidéimí agus i ndáil le bagairtí sláinte tromchúiseacha trasteorann eile/ Léirigh bagairtí idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí an tábhacht a bhaineann le fianaise iontaofa eolaíochta i gcomhair gach gné de chúrsaí ullmhachta.

A mhéid a bhaineann le hullmhacht phobail, chuir ECDC tionscadal trí bliana i gcrích a bhí dírithe ar scrúdú a dhéanamh i dtaobh conas a idirghníomhaíonn pobail, mar shampla, pobail áitiúla nó cumainn saoránach, le hinstitiúidí atá i bhfeighil ullmhachta agus freagartha le linn éigeandálaí sláinte poiblí.






*Barr: Cur i láthair maidir le huirlis HEPSA lena ndéantar féinmheasúnú ar ullmhacht i ndáil le héigeandáil sláinte*
*Bun: I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil ECDC an 34ú Cruinniú de Choiste Comhairleach TFC Ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh*



Chuir ECDC tacaíocht theicniúil ar fáil don Choimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme Airteagal 4 de Chinneadh 1082/2013/AE maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann don tsláinte. Bhí ECDC páirteach i dtascfhórsa a rinne athbhreithniú ar an suirbhé tríbhliantúil ar ullmhacht náisiúnta. I mí an Mhárta, ghlac gach tír páirt i gceardlanna maidir hullmhacht i leith paindéim fliú chun plé a dhéanamh faoi nuashonruithe i ndáil le pleananna náisiúnta maidir le hullmhacht in aghaidh paindéimí.

I mí Dheireadh Fómhair, d'eagraigh ECDC cleachtadh ionsamhlúcháin sa Ghréig. Bhí an cleachtadh sin bunaithe ar scaoileadh paitiginí d'aon ghnó. Ghlac seacht dtír is fiche páirt sa chleachtadh chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeasacht ar bhithrioscaí agus chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-ullmhacht i leith teagmhais bhithshábháilteachta agus bhithsceimhlitheoireachta.

Chuir an Lárionad bailchríoch ar athbhreithniú litríochta i dtaobh conas a úsáidtear fianaise ó shaineolaithe sa phróiseas cinnteoireachta le linn freagairt ar éigeandálaí a chur i bhfeidhm. Pléadh na torthaí ag cruinniú saineolaithe agus tá bailchríoch curtha ar phleananna maidir le hobair bhreise allamuigh sa bhliain 2020.

I mí Bhealtaine, sheol ECDC a chruinniú bliantúil leis na pointí fócasacha ullmhachta agus freagartha, I mí Mheán Fómhair, rinneadh ceardlann oiliúna maidir le cur in iúl rioscaí agus comhordú géarchéimeanna a reáchtáil sa tSlóivéin. I mí na Nollag, eagraíodh cruinniú saineolaithe maidir le táscairí i ndáil le hullmhacht i leith sláinte phoiblí.

# Freagairt

Trí mhearmheasúnuithe riosca a dhéanamh, tugtar tacaíocht do na Ballstáit agus don Choimisiún Eorpach i ndáil lena gcuid iarrachtaí maidir le cúrsaí ullmhachta trí achoimre ar an mbagairt a sholáthar, trí mheasúnú ar an riosca atá ann a thairiscint, agus trí achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha faoi na bearta freagartha agus maolúcháin atá ar fáil.

Sa bhliain 2019, d'ullmhaigh an Lárionad 24 mhearmheasúnú riosca agus ba é a bhí i dtrí cinn acu ná mearmheasúnuithe ráige a ullmhaíodh i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. I measc na mbagairtí a bhí ann, áiríodh Enterobacteriaceae atá frithsheasmhach in aghaidh carbaipeineimí, Ebola i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, fiabhras deinge, listéaróis, agus galar víreas Zika.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh ECDC 10 nuashonrú eipidéimeolaíochta inar cuireadh faisnéis nuashonraithe ar fáil faoi ráigeanna a bhí ag teacht chun cinn nó faoi bhagairtí don tsláinte phoiblí. Go hiondúil, cuimsíonn nuashonruithe eipidéimeolaíochta cásuimhreacha, an dáileadh ama agus geografach, dáileadh aoise agus inscne, faisnéis faoi fhachtóirí riosca, de chineál sainaitheanta nó ionchasach, agus measúnú riosca. Sa bhliain 2019, dhéileáil nuashonruithe eipidéimeolaíochta le ráig Ebola i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, le galar víreas Zika agus le fiabhras na Níle Thiar.

Chuir ECDC bailchríoch ar a mhodheolaíocht (lena n-áirítear sraith teimpléad athdheartha) i leith mearmheasúnuithe riosca. Leis an modheolaíocht nua, simplítear an próiseas, éascaítear sainaithint saineolaithe seachtracha, agus áirithítear rannpháirtíocht na mBallstát. Is féidir le Ballstáit rannchuidiú le mearmheasúnuithe riosca ag céim luath anois trí bhíthin Thaisclann Chomhairle Eolaíoch agus Chóras Bainistíochta an Lárionaid (SARMS).

# Comhairle eolaíoch

I measc na dtascanna is tábhachtaí de chuid ECDC áirítear comhairle eolaíoch fhianaisebhunaithe neamhspleách a ullmhú, ar comhairle í atá fónta i dtaca le modheolaíocht de, atá úsáideach agus atá tráthúil.

Sa bhliain 2019, lean ECDC de bheith ag obair ar chur chun feidhme a straitéise eolaíochta. D'fhoilsigh ECDC 219 n-aschur eolaíochta, lena n-áirítear 58 bhfoilseachán, idir thuarascálacha teicniúla agus dhoiciméid treorach (a foilsíodh faoina inphrionta féin) agus 89 n-airteagal piara-athbhreithnithe (in irisí eolaíochta).

Ina cháil mar ghníomhaireacht a mhaoinítear le hairgead poiblí, déanann ECDC deimhin de go mbíonn an chuid is mó dá aschur eolaíochta ar fáil go héasca, ar a láithreán gréasáin agus ar láithreáin ghréasáin de chuid irisí eolaíochta. Sa bhliain 2019, bhí 82% d'fhoilseacháin ECDC a foilsíodh in irisí piara-athbhreithnithe ar fáil mar ábhar a raibh rochtain oscailte air.

Rinneadh uirlis nuashonraithe ECDC, IRIS 2.0, trína dtugtar tús áite d'aschuir eolaíochta, a chur i bhfeidhm go rathúil chun measúnú a dhéanamh ar straitéis ECDC don tréimhse 2021–2027. Tugann IRIS comhairle maidir le treo straitéiseach ghníomhaíochtaí an Lárionaid agus molann sé gníomhaíochtaí a bhféadfaí iad a uas-scálú nó a íos-scálú.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh ECDC treoir mhodheolaíochta maidir le hilchineálacht a bhainistiú le linn sonraí ó chórais éagsúla faireachais a chur i dtoll a chéile.


laborator



# Micribhitheolaíocht

Sa bhliain 2019, sheol ECDC measúnú ar acmhainneachtaí saotharlann micribhitheolaíochta i leith faireachas náisiúnta agus faireachas uile-AE ar ghalair theagmhálacha a dhéanamh ar bhonn na sonraí ba dhéanaí a bhí ar fáil (sonraí 2018). Tá Córas Faireacháin Acmhainneachtaí Saotharlann an Aontais Eorpaigh, ar a dtugtar EULabCap go gairid, bunaithe ar shraith 60 táscaire comhaontaithe. Ghlac gach tír AE/ LEE páirt ann. Tá feabhas ag teacht i gcónaí ar innéacs EULabCap ina dtugtar léiriú ar acmhainneacht shaotharlanna micribhitheolaíochta sláinte poiblí na mBallstát. Ba é a bhí sa mheánscór a shroich an tAontas Eorpach sa bhliain 2018 ná 7.8/10 (leibhéal acmhainneachta sa raon ó acmhainneacht mheasartha go hacmhainneacht ard) agus, i gcomparáid leis an mbliain 2013, léirigh sé laghdú de réir a chéile a bhí comhionann le laghdú thart ar an tríú cuid den bhearna acmhainneachta idir na tíortha lena mbaineann. Sa bhliain 2018, shroich gach ceann den 30 tír leibhéal idirmheánach nó leibhéal ard acmhainneachta agus tá acmhainneachtaí leordhóthanacha saotharlainne i leith ullmhacht sláinte poiblí ag níos mó na dhá thrian de na tíortha. Tríd is tríd, tá meánmhéadú 15% tagtha ar acmhainneacht saotharlainne an Aontais Eorpaigh thar na cúig bliana atá imithe tharainn. Braitheadh feidhmíocht fho-optamach i ndáil le faireachas ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach i víris fliú agus i bpaitiginí baictéaracha bia-iompartha.

Sheol ECDC suirbhé i measc a bpointí fócasacha micribhitheolaíochta agus faireachais, ar suirbhé é a bhain le tuairisciú uathoibrithe sonraí saotharlainne do bhunachair shonraí náisiúnta faireachais. Baineann trí Bhallstát déag úsáid cheana féin as córas páirt-uathoibrithe, nó as córas uathoibrithe ar fad, chun galair a thuairisciú. Fónfaidh na torthaí sin mar phointe tosaithe i ndáil le forbairt a dhéanamh ar chóras faireachais dhigitigh AE i leith galair theagmhálacha.

Thacaigh ECDC leis an gCoimisiún Eorpach le linn an rialachán Eorpach maidir le feistí diagnóiseacha in-vitro a chur chun feidhme agus thug sé cúnamh don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíocht agus Bia le linn iarrataí a ullmhú a bhain le neartú acmhainneacht shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh i réimse na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach.

*Is léir go bhfuil difríochtaí móra ann idir cumais agus acmhainneachtaí na saotharlann san Aontas Eorpach Soláthraíonn measúnuithe seachrtacha ECDC ar cháilíocht aiseolas beacht agus is cabhair iad maidir le feabhas a chur ar cháilíocht fheidhmíocht na saotharlainne lena mbaineann*



# Pobal sláinte poiblí ECDC agus na hEorpa

## Oiliúint maidir le sláinte phoiblí

Trí **Chlár Comhaltachta ECDC** déantar eipidéimeolaithe allamuigh (EPIET) agus micribhitheolaithe allamuigh (EUPHEM) a ullmhú chun idirghabháil a dhéanamh i leith ráigeanna trasteorann agus i leith bagairtí eile don tsláinte phoiblí. Sa bhliain 2019, fuair 37 gcomhalta a gcuid cáilíochtaí ó Chlár Comhaltachta ECDC agus ó chláir atá bainteach le EPIET (cohórt na bliana 2017). Bhí 78 gcomhalta rollaithe ag deireadh na bliana (41 duine de chuid chohórt na bliana 2018 agus 37 nduine de chuid chohórt na bliana 2019). Déantar an Clár a oibriú in institiúidí agus i saotharlanna sláinte poiblí atá suite i dtíortha AE/LEE agus cuimsíonn sé réamhchúrsa, modúil oiliúna agus imscrúduithe allamuigh san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus lasmuigh de na réigiúin sin. Seolann comhordaitheoirí agus maoirseoirí eolaíochta cuairteanna ar láithreáin chun a áirithiú gur leor acmhainneacht na láithreán oiliúna.

Cuireadh meastóireacht sheachtrach ar Chlár Comhaltachta ECDC i gcrích sa bhliain 2019 agus thángthas ar an gconclúid go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí an Chláir ábhartha a mhéid a bhaineann lena scairshealbhóirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Ceapadh gur rud luachmhar ar leith é rannchuidiú an Chláir le líonra gairmithe sláinte poiblí ar féidir leo freagairt éifeachtach a chur i gcrích, ar bhealach comhchuibhithe, i ndáil le bagairtí trasteorann. Mar thoradh ar an measúnú freisin, cinneadh gur rannchuidigh an Clár go mór leis an acmhainneacht

mhéadaitheach sláinte poiblí sna Ballstáit. Maidir le track na mBallstát, atá á pháirtmhaoiniú le fóirdheontas ó na Ballstáit,

ceapadh ina leith gur breisiú ábhartha é ar phríomh-track an Aontais Eorpaigh agus gur bealach maith é chun laghdú a dhéanamh ar neamhionannais idir na Ballstáit ó thaobh cúrsaí acmhainneachta de.

**Caidreamh idirnáisiúnta agus tacaíocht tíre.** Cothabhálann ECDC líonra gairmiúil fairsing.

*Ar chlé: Tagann Rannpháirtithe de chuid Chlár Comhaltachta ECDC le chéile le haghaidh grianghraif*

Sa bhliain 2019, thionóil ECDC an chéad chruinniú dá phointí fócasacha i lárionaid idirnáisiúnta rialaithe galar (CDC) san Afraic, i gCeanada, sa tSín, i Stáit Mhuir Charaib, in Iosrael, sa Téalainn agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Bhunaigh rannpháirtithe an chruinnithe líonra CDCanna idirnáisiúnta agus chomhaontaigh siad go mbeadh cruinnithe bliantúla ann mar aon le físchomhdhálacha ráithiúla.

Chuir ECDC tionscadal dhá bhliain (2017–2019) i gcrích a bhí dírithe ar údaráis náisiúnta i dtíortha na mBalcán Thiar a ullmhú chun bheith páirteach i gcórais agus i líonraí ECDC. Mar thoradh ar thionscadal ECDC-IPA5, a cuireadh chun feidhme le cúnamh airgeadais ón Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, rannchuidíodh le neartú acmhainneachtaí náisiúnta i réimsí an fhaireachais, na micribhitheolaíochta sláinte poiblí agus na hullmhachta.

I mí Feabhra, sheol ECDC agus EFSA ceardlann réigiúnach i mBéalgrád, an tSeirbia, maidir le cur chuige ‘One Health’ a úsáid chun cur i gcoinne na frithsheasmhachta in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. Bhí níos mó ná daichead saineolaí ó na hearnálacha sláinte agus sláinte ainmhithe páirteach sa cheardlann.

# Cumarsáid faoin tsláinte phoiblí

Dírítear go leor dár ngníomhaíochtaí cumarsáide ar phobal sláinte poiblí na hEorpa, go háirithe ar shaineolaithe, ar eolaithe agus ar iriseoirí i réimse na sláinte poiblí.

D'fhoilsigh ECDC 219 bhfoilseachán eolaíochta sa bhliain 2019, lena n-áirítear mearmheasúnuithe riosca agus tuarascálacha tráthrialta maidir le cúrsaí faireachais. Bhí 4 217 suibscríobhaí ag an nuachtlitir sa bhliain 2019, is é sin le rá, méadú 488 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá líon níos mó sonraí, graf, léarscáileanna agus grafaicí faisnéise ná riamh á fhoilsiú ag ECDC mar shócmhainní in-íoslódáilte saor ó chóipcheart chun ligean do chomhpháirtithe agus do gheallsealbhóirí ábhar ECDC a athúsáid. Tháinig méadú 4 738 ar an líon leantóirí ar chuntas corparáideach Twitter ECDC (@ ECDC_EU) agus b'ionann sin agus méadú 19%. Tá beagnach 30 000 leantóir ag ECDC anois ar Twitter. Déantar gach cuntas meán sóisialta ECDC a fhíorú mar fhoinse iontaofa, rud a athneartaíonn a n-inchreidteacht.


Taispeánann anailís meán don bhliain 2019 go ndearnadh 7 973 ghearrthóg mheáin (10 047 sa bhliain 2018) a raibh ECDC luaite iontu a fhoilsiú san Aontas Eorpach (in ábhar clóite agus ar líne araon, gan na meáin shóisialta a áireamh), agus is ionann sin agus laghdú 20%. Ba iad na hábhair ba mhinice a luadh sa nuacht vacsaíní agus imdhíonadh, an bhruitíneach, frithsheasmhacht in aghaidh ábhar miocróbach agus tomhailt antaibheathach, fliú séasúrach agus fliú éanúil, an Eitinn, STInna, VEID, agus heipitíteas.

*Bun: Cruinniú trasearnála i ndáil leis an tairseach nua vacsaínithe*




# ECDC de réir na bhfigiúirí

## Cothromaíocht inscne ECDC




## Buiséad 2019




## Baill foirne ECDC de réir tíre




Bhí 268 mball foirne reachtúla san iomlán fostaithe ag ECDC amhail an 31 Nollaig 2019.

PDF TQ-AX-20-001-GA-N

**An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)**

Gustav III:s Boulevard 40
169 73 Solna, an tSualainn

Fón +46 (0)8 58 60 10 00
Facs +46 (0)8 58 60 10 01
www.ecdc.europa.eu

Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh
www.europa.eu

Cláraigh lenár bhfoilseacháin a fháil
www.ecdc.europa.eu/en/publications

Téigh i dteagmháil linn
Lean sinn ar Twitter

Tabhair is maith liom dár leathanach Facebokk

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

PDF ISBN 978-92-9498-471-5